

Cad is aolchuisle/aolchoinnle ann?

Cad é an difríocht eatarthu?

Conas a chruthaítear iad?

An bhfuil aolchuisle/aolchoinnle i do chontae?

Conas a chruthaítear iad?

Cén mianra?

Réamhrá

Cuir pictiúr d'uaimh ar an gclár bán agus pléigh. *An raibh éinne riamh in uaimh? Cá háit? Déan cur síos air.*

Corp an Cheachta

Le cabhair léaráide, mínigh do na daltaí conas mar a chruthaítear uaimh.

Ritheann uisce síos tríd an aolchloch agus briseann na haigéid atá san uisce síos na carraigeacha go mall thar tréimhse an-fhada ama.

Cuir pictiúr d'aolchuisne agus aolchoinneal ar an gclár bán. Abair leis na daltaí na téarmaí seo a rá cúpla babhta. Iarr ar na páistí a thomhas conas a d'fhorbraigh na struchtúir seo.

Taispeáin léaráid do na daltaí a léiríonn aolchuisní agus aolchoinnlí ag staideanna difriúla agus iad ag fás. Mínigh an próiseas do na páistí.

Tá cailcít in uisce fearthainne. Cruthaítear aolchuisne/ aolchoinneal nuair a ghluaiseann an t-uisce trí aolchloch, triomaíonn sé, agus fágtar an cailcít ina dhiaidh. Thar tréimhse fhada ama, forbraíonn colúin.

Cuir pictiúr ar an gclár bán den Aolchuisne Mór i nDúlainn. Inis do na páistí gur aimsigh beirt mac léinn an uaimh seo agus iad ag taiscéaladh sa Bhoireann sa bhliain 1952. Abair leo gurb é ceann do na haolchuisní is mó ar domhain, agus go meallann sé turasóirí ó chian 's ó chónagar.

Turgnamh i mbeirteanna:

- ⇒ Líon dhá phróca le huisce te agus salainn Epsom.
- ⇒ Fág an dá phróca in áit te agus cuir fochupán eatarthu.
- ⇒ Cas roinnt snáithe olla timpeall ar a chéile agus cuir na heireabail sna prócaí. Lig do lár an snáithe lúbadh idir na prócaí agus os cionn an fochupán.
- ⇒ Tomhais cad a tharlóidh.
- ⇒ Bí ag faire ar na prócaí ar feadh 3 nó 4 lá.
- ⇒ Labhair faoi na torthaí.

Deireadh

Ceisteanna: *Cad is uaimh ann? Conas a chruthaítear aolchuisne/aolchoinneal?*

Iarr ar na páistí 3 abairt a scríobh faoin méid atá foghlamtha acu.

FOCLÓIR

Aolchuisne
Aolchoinneal
Uaimh
Aolchloch
Aigéad
Cailcít

